# An Cheathrú Rua

# Plean Dúlra an Phobail Áitiúil

## 2016 - 2021.



# Ábhar

Buíochas ........ 2
Plean Dúlra Phobal na Ceathrún Rua ........ 3
Réamhrá ........ 3
Scóp agus fís an phlean dúlra áitiúil ........ 4
Daoine agus an Dúlra sa Cheathrú Rua ........ 4
Gníomhartha ........ 6
Acmhainní ........ 8

# Buíochas

Táthar buíoch de na rannpháirtithe uile as an gcúnamh agus as an tacaíocht a fuarthas i bhforbairt an Phlean Dúlra do Phobal na Ceathrún Rua, agus díobh siúd, freisin, a rinne freastal ar cheardlanna agus ar chruinnithe agus a rinne ionchur ar an bhfón nó ar an r-phost.

Ba é Dónal Ó Broin a rinne an fhaisnéis chúlra ar an bpobal áitiúil agus ar bhithéagsúlacht na Ceathrún Rua a thiomsú. Is le caoinchead ó Annie Devane agus ó Breda Lydon a rinneadh na grianghraif a atáirgeadh.

Buíochas leis an gCrompán agus as an leabharlann as na cruinnithe a óstáil agus as an seoladh. Táthar buíoch, freisin, de Chomhairle Contae na Gaillimhe agus d'Ollscoil na hÉireann Gaillimh as an bplean a éascú trí Thionscadal Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe.

# Plean Dúlra Phobal na Ceathrún Rua

## Réamhrá

Is í an bhithéagsúlacht an téarma a úsáidtear chun cur síos ar éagsúlacht na beatha ar domhan.  San áireamh tá na difríochtaí idir na horgánaigh bheo uile ar domhan, amhail plandaí, ainmhithe agus miocrórgánaigh mar bhaictéir agus fungais, agus na difríochtaí ina measc. Cuimsítear sa bhithéagsúlacht na difríochtaí idir na gnáthóga éagsúla ina maireann na speicis agus na bealaí ina ndéanann orgánaigh bheo idirghníomhú lena chéile agus leis an saol thart timpeall orthu, nó i bhfocail eile "Líon na Beatha".

Is cuid den bhithéagsúlacht an duine chomh maith. Bímid ag brath ar raon speiceas eile le haghaidh bia, éadaí, cógas agus amhábhar eile agus le timpeallacht fholláin, sheasmhach a chur ar fáil dúinn le déanamh go maith.

Cuireann plean bithéagsúlachta nó plean dúlra creat ar fáil do phobail chun tosaíochtaí a leagan síos agus chun gníomhartha a chur i bhfeidhm ar son na bithéagsúlachta ar an leibhéal áitiúil. Glacann na pleananna sin le cur chuige ón mbonn aníos maidir le caomhnú an dúlra mar go bhforbraíonn an pobal áitiúil iad i gcomhar lena chéile agus mar go ndéantar iad a riar agus a chur i bhfeidhm ar an leibhéal sin. Tugann pleananna dúlra áitiúla deis chun comhpháirtíochtaí a bhunú idir phobail áitiúla agus údaráis áitiúla , gníomhaireachtaí stáit agus ENRanna agus forais eile.

Ba é grúpa na mBailte Slachtmhara de chuid na Ceathrún Rua a thionscain an plean seo agus ba í Elaine O’Riordan, bainisteoir Thionscadal Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe, a réitigh an bealach leis an bplean a fhorbairt.  Bhí dhá cheardlann i gceist sa phróiseas comhairliúcháin. Is seisiún "tobsmaointeoireachta" a bhí sa chéad cheardlann, mar ar bhuail ionadaithe an phobail le chéile agus a ndearna siad gnéithe bithéagsúlachta suimiúla, fadhbanna agus acmhainní áitiúla a shainaithint. Rinneadh teagmháil ar an bhfón nó tríd an r-phost le daoine eile ar spéis leo caomhnú na bithéagsúlachta, nó a bhfuil ról reachtúil acu i dtaca leis, chun a n-ionchur a fháil.

Cuireadh liosta leathan gníomhartha féideartha le chéile agus rinneadh plé agus beachtú orthu sa dara ceardlann.  Rinneadh tuilleadh comhairliúchán ar an dréachtphlean ar an r-phost/an bhfón agus aontaíodh liosta deiridh gníomhartha le haghaidh an phlean.

Is plean cúig bliana atá ann ó 2016 go 2019/21. Cruthófar grúpa oibre bithéagsúlachta a bhuailfidh le chéile go rialta chun an plean a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh air.  Seoladh an plean go foirmiúil i mí Mheán Fómhair 2016.



## Scóp agus fís an phlean dúlra áitiúil

Is plean dúlra faoi stiúir an phobail atá anseo. Díríonn sé ar bhithéagsúlacht na Ceathrún Rua ar mór ag ár bpobal áitiúil í agus leagann sé amach gníomhartha ar mhaith linn iad a chur i bhfeidhm chun an comhshaol nádúrtha a chur chun cinn, a chaomhnú agus a fheabhsú. Is ar leibhéal an phobail agus i spiorad an mheasa chomhroinnte agus an tiomantais dár mbithéagsúlacht sa Cheathrú Rua atá forbairt agus cur i bhfeidhm an phlean.



## Daoine agus an Dúlra sa Cheathrú Rua

Is leithinis i ndeisceart Chonamara í an Cheathrú Rua agus í suite idir Cuan Chasla agus Cuan an Fhir Mhóir. Is fearr aithne uirthi as a cultúr agus a hoidhreacht. Tá sí ar cheann de na ceantair is láidre ina labhraítear Gaeilge. Tá an béaloideas, an t-amhrán agus an damhsa traidisiúnta an-láidir sa cheantar. Is pobal bríomhar atá sa Cheathrú Rua. Tá clubanna spóirt, sóisialta agus cultúrtha ann. Tá dhá choláiste Gaeilge ann. Tá comhoibriú maith idir an pobal agus na clubanna. Tá caidreamh maith idir óg agus sean.



Tá lochanna beaga agus cnoic ísle timpeallaithe ag an bhfarraige sa tírdhreach. Tá cuma dheas ar an leithinis féin agus tá radharcanna áille uaithi i dtreo Oileáin Árann agus na mBeanna Beola.  Tá cáil ar na tránna, go háirithe ar Thrá an Dóilín ("An Trá Choiréalach") a rinneadh as méarla - alga coiréilíneach neamhchoitianta.  Aithnítear an fharraige timpeall ar an gCeathrú Rua mar  "phríomhionad bithéagsúlachta" mar gheall ar an éagsúlacht mhór plandaí agus ainmhithe mara a fhaightear ansin.

Tá cuid mhaith lochanna ann, agus is é Loch an Mhuilinn an ceann is mó, ach is é Loch na Naomh, atá suite go hard ar Chnoc an Phobail, an ceann is mó a dtugtar urraim dó agus a n-aithnítear mar loch beannaithe. Cé nach bhfuil aon airde mhór sna cnoic, tá radharcanna maithe uathu. Is í an chloch eibhir an bhunchloch. Tá an talamh bocht agus claíocha cloiche tógtha timpeall ar gharraithe beaga agus dá bhrí sin tá an tírdhreach mar a bheadh paistí d'fhéarach leathfheabhsaithe agus féarach fliuch san áireamh; i measc na mbláthanna tá an t-airgead luachra, an créachtach agus an feileastram; tá féarach tirim aigéadach ann agus é ag athrú go fraochmhá mar a bhfuil an fraoch, an t-aiteann agus an tím chreige ag fás.  Tá cuid mhaith de na garraithe agus iad anois faoi chlúdach raithnigh agus driseacha.  Is fadhb mhór í an ghlúineach bhiorach, fiaile ionrach, in áiteanna agus tá an pobal áitiúil gníomhach ag iarraidh í a dhíothú.  Bíonn éin fharraige agus thalún le feiceáil agus le cloisteáil, an crotach, an roilleach agus an eala ina measc. Bhí an-eolas ag na seandaoine orthu seo go léir agus ar a n-ainmneacha, ach níl an t-eolas céanna ag an dream óg.





Tá an pobal de 2,500 nó mar sin ina gcónaí den chuid is mó ar an gcósta nó ar na príomhbhóithre. Tá dhá shráidbhaile bunaithe ann, Casla agus An Cheathrú Rua. Tá an stoc tithíochta go maith agus is beag seanteach ceann tuí atá fanta. Tá líonraí leictreachais, uisce agus cumarsáide ann.
Tá seirbhís bailithe bruscair ann. Tá scéim séarachais theoranta i sráidbhaile na Ceathrún Rua; seachas sin baintear úsáid as dabhcha séarachais aonair nó as ionaid chóireála. Tá an ola ag teacht in áit na móna mar an bpríomhfhoinse breosla. Ní aon phortach á shaothrú ar an leithinis, ach tá cead bainte móna ag daoine in áiteanna taobh amuigh de. Bhíodh an talmhaíocht agus an iascaireacht ar na gníomhaíochtaí ba mhó, ach tá an fhostaíocht bunaithe ar an turasóireacht, ar an tionsclaíocht, ar sheirbhísí, ar an oideachas, ar an gcumarsáid, ar na meáin agus ar an tógáil tagtha ina n-áit sin. Tá dhá eastát tionsclaíochta ann, ceann i gCasla agus an ceann eile sa Cheathrú Rua. Tá Oifig an Phoist, siopaí, tithe tábhairne agus ionaid ghnó eile sa dá shráidbhaile. Tá ceannáras Raidió na Gaeltachta agus Teach Cúirte Dúiche lonnaithe i gCasla. Tá siad seo a leanas sa Cheathrú Rua; séipéal, ionad sláinte, aonad tacaíochta do thuismitheoirí, leabharlann, stáisiún an Gharda Síochána, oifig na Comhairle Contae, stáisiún dóiteáin, stáisiún otharchairr, oifig chomhair chreidmheasa, páirc pheile, páirc uile-aimsire, halla spóirt le seomraí cruinnithe, halla pobail, comharchumann forbartha, bunscoil, scoil chuimsitheach agus campas ollscoile.  Tá bunscoil eile sa Tuairín.



Tá dhá phríomhché ann - Céibh an tSrutháin i gCuan Chasla agus Caladh Thaidhg i gCuan an Fhir Mhóir. Tá céanna beaga agus fánáin do bháid ann chomh maith. Cé go bhfuil meath tagtha ar an iascaireacht, baineann na báid thraidisiúnta an-úsáid  astu siúd.  Bíonn imeachtaí seoltóireachta agus tumadóireachta ar siúl chomh maith.

Tá seirbhís bus rialta go Gaillimh ann. Tá seirbhísí bus agus hacnaí príobháideacha ann chomh maith. Is é an carr príobháideach an príomhchóras taistil.

Tá dhá reilig ann, ceann i mBarr an Doire agus ceann i gCladhnach. Tá fothrach seaneaglaise i mBarr an Doire.

***Grianghraif le caoinchead ó Annie Devane agus Breda Lydon***

## Gníomhartha

| Réimse/Gné | Gníomhartha Féideartha | Páirtithe Féideartha | Achar Ama |
|---|---|---|---|
| Bruscar/Dumpáil | • Eagraigh imeachtaí glantacháin go rialta<br>• Eagraigh taispeántais/ceardlanna uaschúrsála/athchúrsála/déanta múirín | Bailte Slachtmhara, Scoileanna, Comhairle Contae na Gaillimhe, An Taisce | Ar siúl 2016-2021 |
| Conairí Dúlra, Siúlóidí | • Aimsigh agus mapáil bealaí le haghaidh siúlóidí dúlra nó conairí rothaíochta thart ar an gCeathrú Rua | Oifigeach Áineasa Tuaithe, Comhairle Contae na Gaillimhe, Fáilte Éireann | 2017-2018 |
| Léirmhíniú | • Sainaithin suíomhanna feiliúnacha le haghaidh fógraí dúlra nó suiteáin léirmhínithe eile<br>• Tabhair chun cinn treoirleabhair dúlra, bileoga faireacháin, etc. i dtaca le gnáthóga/speicis áitiúla, leithéidí an chladaigh, an locha, an phortaigh, éan, ainmhithe. | Bailte Slachtmhara, Gnólachtaí áitiúla, Scoileanna, Comhairle Contae na Gaillimhe | 2017-2018 |
| Crainn | • Cuir crainn dhúchasacha atá níos feiliúnaí<br>• Eagraigh imeachtaí le linn sheachtain bhliantúil na gcrann | Bailte Slachtmhara, Comhairle Contae na Gaillimhe, An Leabharlann, Comhairle Crann na hÉireann, Coillte | Bliantúil |
| Bláthanna fiáine | • Sainaithin suíomhanna le bheith ina 'achair fhiáine'<br>• Spreag úinéirí tí agus gnólachtaí le bláthanna fiáine dúchasacha a fhás. | Bailte Slachtmhara, Comhairle Contae na Gaillimhe | 2017 -2021 |
| Speicis Ionracha | • Déan monatóireacht ar an nglúineach bhiorach ar shuíomhanna poiblí/ar leis an bpobal iad agus déan cóireáil uirthi.<br>• Cuir eolas ar fáil don phobal faoin nglúineach bhiorach agus faoi speicis ionracha eile.<br>• Téigh i gcaidreamh le húinéirí talún agus le háitritheoirí a bhfuil an ghlúineach ar a gcuid talún agus tabhair tacaíocht dóibh. | Bailte Slachtmhara, Comhairle Contae na Gaillimhe, An Leabharlann | Ar siúl 2016-2021 |
| Éin | • Cuir suas boscaí le haghaidh ulchabhán ar shuíomhanna feiliúnacha. | John Lusby, Grúpa na nÉan Creiche, Cairde Éanlaith Éireann | 2018-2019 |
| Beacha, féileacáin agus feithidí eile | • Tóg gnáthóga le haghaidh pailneoirí agus feithidí eile, e.g. "óstáin" feithidí, gnáthóga do bheacha, bláthanna do bheacha, etc. | Scoileanna, Bailte Slachtmhara, Comhairle Contae na Gaillimhe | 2017 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Oidhreacht thógtha agus suíomhanna stairiúla | • Spreag bainistíocht na hoidhreachta tógtha agus na suíomhanna stairiúla ar bhealach nach ndéanfaidh dochar do shuíomhanna stairiúla | | Ar siúl 2016-2021 |
| Feasacht | • Eagraigh imeachtaí chun an pobal a chur ar an eolas agus feasacht a ardú maidir le bithéagsúlacht na Ceathrún Rua. | | Bliantúil |
| Rannpháirtíocht an phobail | • Oibrigh le gach cuid den phobal ar thionscadail bhithéagsúlachta, ina measc scoileanna, seandaoine, áitritheoirí, úinéirí talún agus gnólachtaí.<br>• Aimsigh bealaí nua chun daoine áitiúla agus cuairteoirí a mhealladh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí bithéagsúlachta | | Ar siúl 2016-2021 |
| Dea-Chleachtas | • Geall dea-chleachtas i gcur i bhfeidhm gach tionscadail sa chaoi nach ndéantar aon dochar do ghnáthóga, do speicis ná don chomshaol áitiúil. | | Ar siúl 2016-2021 |

## Acmhainní

**Teagmhálaithe Tábhachtacha**

1. Elaine O'Riordan, Bainisteoir Thionscadal Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe. R-phost elaine.oriordan@nuigalway.ie; Teil 091 495921, https://www.facebook.com/peopleandnature/
2. Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta Contae, Comhairle Contae na Gaillimhe. R-phost mmannion@galwaycoco.ie; Teil. (091)509198 http://galwaycommunityheritage.org/
3. Christy Cunniffe, Seandálaí Pobail. R-phost galwaycommunityarchaeology@gmail.com http://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/
4. Mark Molloy agus Sinéad Ní Mhainnín, Oifigigh Feasachta Comhshaoil, Comhairle Contae na Gaillimhe (Comhordú Scoileanna Glasa, taispeántais mhúirínithe, glantacháin earraigh bliantúla, cosc ar chur amú bia, etc. http://www.galway.ie/en/services/environment/ ). mkmolloy@galwaycoco.ie, snimhain@galwaycoco.ie, Teil. 091-509510
5. Rosaleen Ní Shúilleabháin – Oifigeach Áineasa Tuaithe. *Forum Connemara Ltd.* (ach cuimsíonn sé an Contae uile). R.nishuibheallain@forumconnemara.ie, Teil. 087 737-5599

**Acmhainní bainteach le bithéagsúlacht**

**Crainn agus cur crann- '*Tírdhreacha Beo na Gaillimhe, Cuid 2: Crainn agus Coillearnach***

- http://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/heritage-publications/galways-living-landscapes-part-2-trees-woodland

**Cineálacha dúchasacha crann torthaí - Cumann Sábhála Síolta Éireann**

- www.irishseedsavers.ie

**Cén chaoi le tabhairt faoi iniúchadh bithéagsúlachta**

- http://www.devon.gov.uk/devon-community-toolkit-for-the-natural-environment-feb-2012.pdf

**Mapáil Gnáthóige**

- http://www.greenschoolsireland.org/_fileupload/biodiversity%20resources/Habitat_mapping.pdf
- http://www.northwessexdowns.org.uk/uploads/docs/publications/Communities_publications/Parish_Wildlife_Toolkit_WEBv2.pdf

**Slite fiadhúlra nó oidhreachta/ bealaí siúlóide a fhorbairt**

- www.irishtrails.ie/National_Trails_Office/Publications/Trail_Development/Guide_to_Planning_and_Developing_Recreational_Trails_in_Ireland.pdf
- www.noticenature.ie/Walking_Trails_in_Ireland.html
- Rosaleen Ní Shuilleabháin, Oifigeach Áineasa Tuaithe, *FORUM Connemara Ltd*. (Gaillimh). Teil. 091 593410 or 087-7375599, R-phost r.nishuilleabhain@forumconnemara.ie

- **Comharthaí /ábhair léirmhínithe**
  - http://www.roscommoncoco.ie/en/Services/Heritage/Publications/Telling_People_About_Our_Heritage-Interpretation_and_Signage_Guidance.pdf
  - http://www.heritagecouncil.ie/fileadmin/user_upload/Publications/miscellaneous/Bored_of_Boards.pdf
  - http://www.americantrails.org/resources/wildlife/Interpretive-trail-signs-exhibits.html

- **Boscaí éan nó ialtóg a thógáil**
  - http://www.birdwatchireland.ie/Default.aspx?tabid=270
  - www.batconservationireland.org/pubs/reports/Leaflet_3_batboxes.pdf
- **Cur plandaí chun fiadhúlra agus pailneoirí a mhealladh**
  - http://www.biodiversityireland.ie/wordpress/wp-content/uploads/Local-communities_actions-to-help-pollinators_April-2016.pdf.
  - www.butterflyconservation.ie/wordpress/?page_id=33
  - http://www.wildlifetrusts.org/bees-needs
  - https://www.rhs.org.uk/science/pdf/conservation-and-biodiversity/wildlife/rhs_pollinators_plantlist
  - https://www.rspb.org.uk/makeahomeforwildlife/wildlifegarden/ http://www.biodiversityireland.ie/projects/irish-pollinator-initiative/
  - http://www.ipcc.ie/advice/wildlife-gardening-tips/
- **Móinéar bláthanna fíáine a dhéanamh**
  - http://www.suffolkwildlifetrust.org/meadows-grassland
  - http://www.wildflowers.ie/
  - http://www.bordbia.ie/consumer/gardening/organicgardening/Worksheets/Wildflowers%20meadows.pdf
  - http://www.fingalbiodiversity.ie/resources/encouraging_garden_wildlife/Wildflower%20Meadows.pdf
- **Speicis Ionracha**
  - Déan teagmháil le Elaine O'Riordan le comhairle a fháil
  - http://invasivespeciesireland.com/
  - http://www.biodiversityireland.ie/projects/invasive-species/
  - http://www.fisheriesireland.ie/Invasive-Species/invasive-species.html
- **Suíomhanna, speicis agus gnáthóga faoi chosaint**
  - www.npws.ie

**ENRanna Comhshaoil**

Cairde Éanlaith Éireann

www.birdwatchireland.ie

Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann

www.ipcc.ie

Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann

www.iwt.ie

An Taisce

    www.antaisce.org

Lucht Faire na Míolta Móra agus na nDeilfeanna

    www.iwdg.ie

Iontaobhas Fiadhúlra Vincent

    http://www.mammals-in-ireland.ie/

*Conservation Volunteers Galway*

    https://www.facebook.com/ConservationVolunteersGalway

An Fóidín Glas

    http://www.greensodireland.ie/

Caomhantas Ialtóg na hÉireann

    http://www.batconservationireland.org/

**Eagraíochtaí stáit**

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

    www.ahrrga.gov.ie

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

    www.npws.ie

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

    www.epa.ie

**Maoiniú**

| **Comhlacht** | **Cur Síos** | **Tuilleadh eolais:** |
|---|---|---|
| An Chomhairle Oidhreachta | Deontais Oidhreachta do thionscadail oidhreachta - tionscadail phobalbhunaithe san áireamh (fógraítear glaonna de ghnáth ag deireadh na bliana nó go luath sa bhliain nua le cur isteach i mí Feabhra) | http://www.heritagecouncil.ie/grants/ grants/ |
| Comhairle Contae na Gaillimhe | Deontais Chlár 21 le haghaidh tionscadal comhshaoil bunaithe sa phobal (fógraítear glaonna de ghnáth le linn an tsamhraidh) | http://www.galway.ie/en/services/environment/environmentalawareness/communityinitiatives/localagenda21/ |
| Comhairle Contae na Gaillimhe | Deontais Tacaíochta Pobail le haghaidh tionscadal pobail, tionscadail oidhreachta san áireamh (fógraítear glaonna ar an suíomh gréasáin agus sa phreas áitiúil go luath sa bhliain) | http://www.galway.ie/en/services/communityenterpriseeconomicdevelopment/financialsupports/ |
| *Forum Connemara Ltd.* | Maoiniú ó *Leader* le haghaidh tionscadal forbartha bunaithe sa phobal | www.forumconnemara.ie |
| Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe Teo. | Clár Forbartha Pobail Aitiúil | www.grd.ie |
| An Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn | Tugann An Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn tacaíocht do phobail ar bhealaí éagsúla, ina measc tionscadail chun an comhshaol nádúrtha a chosaint. | https://www.theirelandfunds.org/ |
| Ciste Rannpháirtíochta Pobail IPB | Is é is cuspóir arís le ciste na bliana seo tacaíocht a thabhairt do thionscadail atá fréamhaithe sa cheantar áitiúil, atá faoi stiúir daoine áitiúla agus a chuirfidh feabhas ar cháilíocht saoil na ndaoine ina gcónaí ina bpobail féin. | http://cse.ipb.ie/ |